
# Torthaí Foghlama Gaeilge na Sraithe Sóisearaí Scoileanna T2

## Ionchais maidir le scoláirí

www.jct.ie



### Snáithe 1: Cumas cumarsáide

Cuimsíonn cumas cumarsáide ábaltacht an scoláire sna cúig scil seo a leanas: éisteacht, léamh, labhairt, idirghníomhú cainte agus scríobh atá ag teastáil uaidh chun cumarsáid a dhéanamh le húsáideoirí eile. Bíonn ar chumas an scoláire feidhmiú i suíomhanna idirphearsanta cumarsáide. Bíonn ar a chumas príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide a thuiscint agus a úsáid. Baineann sé taitneamh as a bheith páirteach sa chumarsáid le húsáideoirí eile agus as idirghníomhú leo. Léann sé raon leathan téacsanna, téacsanna ilmhódacha san áireamh atá in úsáid sa phobal teanga** agus baineann sé tuiscint as na príomhtheachtaireachtaí atá iontu. Cumann sé a théacsanna ábhartha féin le haghaidh cumarsáide le húsáideoirí eile.

**GNÉ: Éisteacht**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*1.1* príomhtheachtaireachtaí na cumarsáide Gaeilge bainteach leis an ngnáthshaol a thuiscint chomh fada is atá an chaint ar ghnáthluas agus soiléir
*1.2* sonraí áirithe ar ghnáthnithe coitianta sa chaint a aithint
*1.3* léiriú ar thaitneamh a bhaint as éisteacht le Gaeilge
*1.4* ábhar agus foinsí éisteachta a roghnú agus a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
*1.5* canúintí na Gaeilge a aithint

**GNÉ: Léamh**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*1.6* úsáid a bhaint as raon straitéisí díchódaithe cuí
*1.7* príomhshonraí a bhaineann le gnáthnithe coitianta a aithint i dtéacsanna* Gaeilge
*1.8* príomhtheachtaireachtaí a bhaint as téacsanna* Gaeilge a bhaineann leis an ngnáthshaol
*1.9* taitneamh a bhaint as téacsanna* ábhartha dílse chun cumas léitheoireachta a fhorbairt
*1.10* téacsanna* dílse a aimsiú agus a úsáid chun taighde a dhéanamh

**GNÉ: Labhairt**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire*

*1.11* teachtaireachtaí pearsanta cumarsáide a chur in iúl a bhaineann leis an ngnáthshaol
*1.12* téacsanna ó bhéal a chruthú, a chur i láthair ina aonar agus/nó mar bhall de ghrúpa agus tuiscint a léiriú ar lucht éisteachta
*1.13* focail Ghaeilge a fhuaimniú i slí shothuigthe chruinn
*1.14* taitneamh a bhaint as bheith ag cumarsáid trí Ghaeilge
*1.15* a stór focal pearsanta féin a threisiú ar ghnáthnithe agus ábhar ar spéis leis féin
*1.16* cumarsáid ó bhéal a dhéanamh faoin méid atá cloiste aige
*1.17* cumarsáid ó bhéal a dhéanamh bunaithe ar théacsanna* ábhartha Gaeilge
*1.18* tuairimí pearsanta a fhorbairt agus a chosaint ar nithe a bhaineann le hábhair ar spéis leis féin

**GNÉ: Idirghníomhú cainte**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*1.19* idirghníomhú le comhscoláirí/le húsáideoirí eile Gaeilge (agus lasmuigh de phobal na scoile)
*1.20* freagairt do theachtaireachtaí gan choinne le linn comhrá
*1.21* cumarsáid a choimeád sa siúl agus déileáil le deacrachtaí tuisceana
*1.22* soiléiriú nó athrá a lorg
*1.23* eolas a sheiceáil, a dheimhniú agus a mhalartú
*1.24* cumarsáid ó bhéal a dhéanamh ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha

**GNÉ: Scríobh**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*1.25* téacsanna ábhartha a chumadh (ríomhphoist, blaganna, cuntais, téacsanna cruthaitheacha agus téacsanna ilmhódacha) le tuiscint ar lucht a léite
*1.26* dréachtú, léamh siar agus athdhréachtú a dhéanamh
*1.27* teachtaireachtaí scríofa a roinnt, ag úsáid teicneolaíochtaí digiteacha
*1.28* tuairimí pearsanta a chur in iúl agus a mhíniú
*1.29* freagairt phearsanta do théacsanna

### Snáithe 2: Feasacht teanga agus chultúrtha

Tugann an scoláire cruinnúsáid agus saibhreas teanga faoi deara. Tuigeann sé na difríochtaí suntasacha idir an Ghaeilge agus an Béarla chun míchruinneas a sheachaint sa labhairt agus sa scríobh. Déanann sé machnamh ar an gcaoi a n-oibríonn an teanga i dtreo is go sealbhóidh sé dul na teanga sa labhairt agus sa scríobh. Cuireann sé aithne mhaith ar bheochultúr na Gaeilge agus fásann meas ann ar an gcultúr sin agus ar phobal na Gaeilge agus spreagtar é leis an teanga a úsáid.

**GNÉ: Ag díriú ar theanga na Gaeilge mar chóras**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*2.1* difríochtaí suntasacha ó thaobh gramadaí agus comhréire idir an Ghaeilge, Béarla agus teangacha eile a thabhairt faoi deara chun míchruinneas a sheachaint
*2.2* earráidí pearsanta i labhairt agus i scríobh na teanga a thabhairt faoi deara agus na cúiseanna leo a thuiscint
*2.3* patrúin teanga mar chomhréir, bhriathra, ainmfhocail, srl., a aithint agus a úsáid
*2.4* litriú agus poncaíocht cheart a aithint agus a úsáid
*2.5* taifead a choinneáil ar dhúshláin phearsanta a bhaineann le cruinnúsáid na teanga trí bhlag foghlama pearsanta a chruthú

**GNÉ: Ag cothú feasachta i leith chultúr na teanga**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*2.6* gné(ithe) de chultúr na Gaeilge a roghnú agus taighde a dhéanamh uirthi agus í a chur i láthair ar shlí nuálach chruthaitheach
*2.7* tionscnaimh/cur i láthair ó bhéal a dhéanamh ar ghnéithe de bheochultúr na Gaeilge

**GNÉ: Ag cothú feasachta i leith an dátheangachais**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*2.8* cosúlachtaí agus difríochtaí idir phobail ilteangacha a fhiosrú
*2.9* a aistear pearsanta féin i dtreo an ilteangachais a léiriú

### Snáithe 3: Féinfheasacht an fhoghlaimeora

Díríonn an scoláire ar na tréithe aonair atá aige féin mar fhoghlaimeoir teanga. Tuigeann sé conas straitéisí foghlama atá oiriúnach dó féin a úsáid. Tuigeann sé an spreagadh pearsanta atá aige i leith fhoghlaim na teanga agus glacann sé úinéireacht phearsanta ar an teanga féin agus ar phróiseas sealbhaithe teanga.

**GNÉ: Ag cothú féintuisceana mar fhoghlaimeoir teanga**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*3.1* stíl phearsanta foghlama a aithint agus straitéisí foghlama a fhorbairt sna scileanna ar fad chun cur leis an bhfoghlaim éifeachtach
*3.2* úsáid a bhaint as aiseolas mar fhoghlaimeoir chun aidhmeanna foghlama pearsanta a leagan amach

**GNÉ: Ag forbairt na foghlama féinriair**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*3.3* cinntí neamhspleácha faoin bhfoghlaim a dhéanamh
*3.4* féinmheasúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn
*3.5* aiseolas a roinnt le comhscoláirí ar an bhfoghlaim phearsanta sna scileanna teanga agus foghlama
*3.6* acmhainní teanga a úsáid (foclóirí agus ríomhfhoclóirí, graiméir, seiceálaithe gramadaí agus litrithe, srl.)

**GNÉ: Ag forbairt tuisceana ar spreagadh pearsanta i leith na teanga**

*Ba chóir go mbeadh ar chumas an scoláire:*

*3.7* tuiscint a léiriú ar a spreagadh pearsanta i leith fhoghlaim na teanga
*3.8* aidhmeanna foghlama pearsanta a úsáid

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

JuniorCYCLE for teachers

* Is féidir téacs a thabhairt ar gach toradh a bhíonn ar úsáid teanga teanga labhartha, scríofa, físeach, nó ilmhódach. Féach an sainmhíniú ar lch 20.

** Pobal teanga: pobal ina bhfuil an sprioctheanga á labhairt mar ghnáth-theanga cumarsáide i réimse an teaghlaigh agus i réimsí lasmuigh de.

Ceol na teanga